2024/2857

12.11.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2857 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Samhain 2024

lena gceartaítear leaganacha áirithe teanga d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]) agus go háirithe Airteagal 23(1) agus Airteagal 27(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Gearmáinise d'Iarscríbhinn I (Cuid-FCL) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún ([2]), tá earráid sa sainmhíniú ar 'aerárthach aonphíolóta' i bhfochuid A, pointe FCL.010 a mhéid a bhaineann le héileacaptair, aerlonga agus aerárthaí ingear-chumhachtaithe. Leis an earráid, a thugtar isteach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2227 ón gCoimisiún ([3]), déantar difear do shubstaint na forála sin.

(2) Sna leaganacha Máltaise agus Slóivéinise d'Iarscríbhinn I (Cuid-FCL) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 tá earráid i bhFoscríbhinn 6, roinn B, pointe 8.2 de a mhéid a bhaineann leis an méid oiliúna is gá i gcúrsa IR(H), má tá IR(A) ag an rannpháirtí. Leis an earráid, a thugtar isteach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 245/2014 ón gCoimisiún ([4]), déantar difear do shubstaint na forála sin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Gearmáinise, Máltaise agus Slóivéinise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste dá dtagraítear in Airteagal 65 de Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), tuairim a cuireadh ar fáil sular glacadh Rialachán (AE) Uimh. 245/2014, agus leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139, tuairim a cuireadh ar fáil sular glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2227,

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 25.11.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1178/oj).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2227 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le hoibríochtaí uile-aimsire agus maidir le hoiliúint de réir uirlisí agus oiliúint rátála cineáil i héileacaptair (IO L 448, 15.12.2021, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2227/oj).
([4]) Rialachán (AE) Uimh. 245/2014 ón gCoimisiún an 13 Márta 2014 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta (IO L 74, 14.3.2014, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/245/oj).
([5]) Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena n-aisghairtear Treoir 91/670/CEE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1592/2002 agus Treoir 2004/36/CE (IO L 79, 19.3.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/216/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN